webwise.ie

Baineann 98% den aos óg in Éirinn úsáid as an Idirlíon. Bíonn 44% díobh ar líne gach lá.

Faigheann 28% rochtain ar an Idirlíon le gairis phearsanta cosúil le gutháin soghluaiste agus meaisíní cluichí ríomhaire.

Go príomhúil téann daoine óga ar líne chun cairde a dhéanamh, cluichí a imirt, ceol a íoslódáil agus chun a gcuid obair bhaile a dhéanamh. Mar thuismitheoirí, is é an rud is tábhachtaí is féidir libh a dhéanamh chun na rioscaí ar líne a laghdú ná idirghníomhú lena stíl mhaireachtála dhigiteach.

10 LEID DO THUISMITHEOIRÍ

1. **Faigh taithí ar an Idirlíon le chéile**
   Bíodh tusa ar an gcéad duine a thaispeánfaidh an tIdirlíon don pháiste. Mar gheall air sin, d'fhéadfadh sé a bheith níos éasca labhairt leo faoi eispéiris dhearfacha agus dhiúltacha amach anseo.

2. **Déan rialacha faoi úsáid an Idirlín a chomhaontú le do pháiste**
   Déan iarracht teacht ar chomhaontú le do pháiste faoi cé mhéad ama ar chóir dó nó di a chaitheamh ar líne agus faoi na cineálacha suíomh agus gníomhaíochtaí atá inghlactha.

3. **Tabhar spreagadh don pháiste a bheith aireach nuair atá faisnéis phearsanta á nochtadh aige nó aici**
   Ba chóir dóibh a bheith cúramach faoin bhfaisnéis phearsanta agus faoi na grianghraif a roghnaíonn siad a chur ar spásanna ar líne. Nuair atá ábhar ar líne, is féidir a lán cineálacha d'úsáid neamhúdaraithe a bhaint as.

4. **Labhair faoi na rioscaí a bhaineann le bualadh leis na cairde atá déanta acu ar líne**
   Déanann daoine óga cairde ar líne, ach níor chóir dóibh bualadh go fisiceach leis na strainséirí seo gan duine fásta nó daoine eile a bhfuil muinín acu astu a bheith leo.

5. **Pléigh le do pháiste faoi 'chritic fhoinsiúil' ar an Idirlíon**
   Níl an fhaisnéis uile a fhaightear ar líne i gceart. Déan do pháiste a mhúineadh faoi conas is féidir leo an fhaisnéis a fhaigheann siad a fhíorú.

6. **Ná bí ró-chriticiúil faoi thaiscéaladh an Idirlín ag do pháiste**
   Ná déan dearmad, níl an locht orthu i gcónaí má fhaigheann siad ábhar míchuí ar an nGréasán.

7. **Má mheasann tú go bhfuil ábhar ar líne neamhdhleathach, déan é a thuairisciú do na húdaráis chuí**
   Ní mór dúinn uile glacadh le freagracht as an nGréasán agus aon ábhar a chreidimid go bhfuil sé neamhdhleathach a thuairisciú do www.hotline.ie.

8. **Mol dóibh meas a léiriú ar dhaoine eile**
   Mar aon leis an ngnáthshaol, tá rialacha eiticiúla neamhfhoirmiúla faoi iompar ceart i bhfeidhm nuair atáthar ag déileáil le daoine eile ar an Idirlíon.

9. **Bí ar an eolas faoin úsáid a bhaineann do pháiste as an Idirlíon**
   Chun go mbeidh tú in ann an úsáid a bhaineann do pháiste as an Idirlíon a threorú, bíodh an úsáid sin ar ghuthán soghluaiste nó ar ríomhaire pearsanta, tá sé tábhachtach tuiscint a fháil ar conas a úsáideann páistí an tIdirlíon agus bheith ar an eolas faoi na rudaí is maith leo a dhéanamh ar líne.

10. **Ná déan dearmad go bhfuil níos mó gnéithe dearfacha ag an Idirlíon ná gnéithe diúltacha**
    Is acmhainn iontach oideachais agus áineasa do pháistí é an tIdirlíon. Tabhar spreagadh don pháiste a bheith gaoiseach maidir leis an nGréasán – Webwise – agus leas a bhaint as cumas iomlán an Idirlín.

Tá tuilleadh eolais ar www.webwise.ie.

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

Is é Webwise tionscnamh an NCTE um shábháilteacht Idirlín. Cuireann Webwise faisnéis ar shábháilteacht Idirlín, comhairle agus uirlisí ar fáil do thuismitheoirí, múinteoirí agus daltaí. Tá Webwise páirtmhaoinithe ag Clár an CE um Idirlíon Níos Sábháilte.

National Centre for Technology in Education
Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas

NCTE, DCU, Glas Naíon, BÁC 9. Teil: (01) 700 8200 Ríomhphost: internetsafety@ncte.ie Láithreán gréasáin: www.webwise.ie